Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**5392/22**

**EF 13**
**ECOFIN 44**
**DELACT 8**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Eanáir 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 52 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 12.1.2022 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 a mhéid a bhaineann le coigeartú ar na tairseacha leachtachta agus ar an bpeircintíl trádála a úsáidtear chun an méid atá sonrach don ionstraim is infheidhme maidir le hionstraimí neamhchothromais áirithe a chinneadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 52 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 52 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.1.2022
C(2022) 52 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.1.2022**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 a mhéid a bhaineann le coigeartú ar na tairseacha leachtachta agus ar an bpeircintíl trádála a úsáidtear chun an méid atá sonrach don ionstraim is infheidhme maidir le hionstraimí neamhchothromais áirithe a chinneadh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an Rialachán maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais (MiFIR)[1], tugadh isteach ceanglais trédhearcachta chuimsitheacha réamhthrádála agus iarthrádála maidir le trádálacha i gcothromais (amhail scaireanna) agus neamhchothromais (amhail bannaí agus díorthaigh) araon. Forlíontar roinnt de na ceanglais sin le caighdeáin theicniúla rialála arna ndréachtú ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA). Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ('RTS 2')[2] déantar foráil maidir le caighdeáin theicniúla rialála a mhéid a bhaineann le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith bannaí, táirgí airgeadais struchtúraithe, lamháltais astaíochtaí agus díorthach.

Go háirithe, soláthraítear leis an mhodheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar leachtacht bannaí agus ar an méid atá sonrach don ionstraim ('SSTI'). Tá leachtacht agus SSTI ábhartha araon chun tarscaoiltí trédhearcachta agus iarchur trédhearcachta a chur i bhfeidhm. Tá ionstraimí neamhleachtacha incháilithe do tharscaoiltí trédhearcachta réamhthrádála bunaithe ar Airteagal 9(1)(c) de MiFIR, agus d'iarchur trédhearcachta iarthrádála bunaithe ar Airteagal 11(1)(b) de MiFIR. Nuair atá méid ordaithe os cionn an SSTI, bunaithe ar Airteagal 9(1)(b) de MiFIR tá tarscaoileadh réamhthrádála ar fáil i gcás ina gcuirtear an t-ordú isteach trí chóras ar a dtugtar córas 'chun luachan a iarraidh' nó córas 'guth-thrádála', agus, bunaithe ar Airteagal 11(1)(c), iarchur iarthrádála, beag beann ar na córais trádála atá á n-úsáid.

Maidir leis an modheolaíocht chun leachtacht na mbannaí a ríomh agus, maidir le trédhearcacht réamhthrádála agus SSTI ionstraimí neamhchothromais, lena n-áirítear bannaí, tugadh isteach le RTS 2 cur chuige céimnithe ina ndéanann ESMA a mheas go bliantúil, ar feadh 4 bliana, an bhfuil údar cuí le dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile, céim atá níos déine. Tar éis gur glacadh an t-aistriú ó chéim 1 go céim 2 i mbliana, tá céim 2 gníomhach faoi láthair.

Chuir ESMA an dara measúnú bliantúil uaidh[3] isteach an 23 Iúil 2021 agus molann sé dul ar aghaidh chuig céim 3 chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo timpeallacht trádála níos trédhearcaí le haghaidh bannaí. Maidir leis an SSTI, ba cheart a thabhairt faoi deara nach ndearna ESMA, arís eile, ach aistriú chuig céim 3 a mheasúnú maidir le bannaí, seachas maidir le neamhchothromas eile. Is amhlaidh atá toisc nach bhfuil go leor sonraí ag ESMA fós le haghaidh na n-aicmí ionstraimí eile sin.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, tá comhairliúchán poiblí déanta ag ESMA maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála. Foilsíodh Páipéar Comhairliúcháin an 11 Bealtaine 2021 ar shuíomh gréasáin ESMA. Tháinig deireadh leis an

1 Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (MiFIR) (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84).

2 Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála maidir le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith bannaí, táirgí airgeadais struchtúraithe, lamháltais astaíochtaí agus díorthach (RTS 2) (IO L 87, 31.3.2017, lgh. 229–349).

3 Tá an doiciméad iomlán ar fáil anseo: https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/library/esma70-156-4596_mifid_ii_mifir_annual_report_2021.pdf.

tréimhse Chomhairliúcháin an 11 Meitheamh agus fuarthas 16 bhfreagra san iomlán. Ina theannta sin, d'iarr ESMA tuairimí an Ghrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí, grúpa arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán ESMA.

In éineacht leis na dréachtchaighdeáin theicniúla, agus i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) 1095/2010, chuir ESMA a mheasúnú isteach, lena n-áirítear an anailís ar chostais agus ar shochair a bhaineann leis na dréachtchaighdeáin theicniúla[4].

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Ar an gcéad dul síos, tá sé d'aidhm ag an dréacht-Rialachán Tarmligthe aistriú chuig céim 3 a bhaint amach i ndáil leis an measúnú leachtachta ar bhannaí. Faoi láthair, meastar bannaí a bheith leachtach sna cásanna seo a leanas: más é EUR 100 000 ar a laghad an meánmhéid barúlach laethúil a thrádáiltear; más é 10 ar a laghad meánlíon laethúil na dtrádálacha (ADNT); agus más rud é go ndearnadh trádáil ar 80 % ar a laghad de na laethanta le linn na ráithe deiridh. Níl ach an ADNT faoi réir an chéimnithe isteach. Comhfhreagraíonn na ceithre chéim do 15 (S1), 10 (S2), 7 (S3) agus 2 (S4). Laistigh de na paraiméadair sin bhí méid na mbannaí leachtacha idir an chéad ráithe de 2020 agus an ceathrú ráithe de 2020 idir 1,57 % agus 2,58 % de thírdhreach iomlán na mbannaí, gan an Ríocht Aontaithe a áireamh. Ciallaíonn an t-aistriú chuig céim 3 go laghdófar an ADNT ó 10 go 7, agus mar thoradh air sin, tá coinne le méadú ar na huimhreacha sin de idir 2,31 % agus 3,44 %. Déantar é sin trí Airteagal 17(1) de RTS 2 a ionadú chuige sin.

Ar an dara dul síos, tá sé d'aidhm ag an dréacht-Rialachán Tarmligthe aistriú chuig céim 3 a bhaint amach maidir leis an SSTI. Is tairseach sheasta den mhéid barúlach laethúil a thrádáiltear (de EUR 200 000 nó 300 000 ag brath ar chineál an bhanna) nó an méid atá os cionn an 40ú (S2) peircintíl den mhéid barúlach laethúil iarbhír a thrádáiltear é an SSTI, cibé acu is airde. I gcás bannaí corparáideacha, bunaithe ar shonraí 2020 gan an Ríocht Aontaithe a áireamh, bhí feidhm ag an tarscaoileadh SSTI réamhthrádála maidir le ticéid de EUR 400 000 nó níos airde. I gcás bannaí ceannasacha, is é EUR 900 000 an figiúr sin. Ciallaíonn aistriú chuig céim 3 go gcuirfear an 50ú peircintíl in ionad an 40ú peircintíl, agus ar an gcaoi sin, go méadófar an tairseach a bhfuil tarscaoileadh trédhearcachta réamhthrádála ar fáil os a cionn go EUR 600 000 agus go EUR 1 500 000 faoi seach. Déantar é sin trí Airteagal 17(3) de RTS 2 a ionadú chuige sin.

[4] Féach fonóta 3.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.1.2022**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 a mhéid a bhaineann le coigeartú ar na tairseacha leachtachta agus ar an bpeircintíl trádála a úsáidtear chun an méid atá sonrach don ionstraim is infheidhme maidir le hionstraimí neamhchothromais áirithe a chinneadh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012[5], agus go háirithe Airteagal 9(5), an tríú fomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583[6] ón gCoimisiún na ceanglais trédhearcachta is infheidhme maidir le bannaí, táirgí airgeadais struchtúraithe, lamháltais astaíochtaí agus díorthaigh. Chun cur chun feidhme rianúil na gceanglas sin a áirithiú, tugadh isteach leis an Rialachán Tarmligthe sin céimniú isteach bliantúil maidir le cur i bhfeidhm tairseacha trédhearcachta áirithe thar thréimhse 4 bliana, ó 2019 ar aghaidh. Leis an gcéimniú isteach sin, is féidir cur i bhfeidhm na n-oibleagáidí trédhearcachta comhfhreagracha a leathnú de réir a chéile. Baineann sé sin, go háirithe, leis an gcritéar maidir le 'meánlíon laethúil na dtrádálacha' a úsáidtear chun bannaí a chinneadh a bhfuil margadh leachtach ann ina leith chomh maith leis na peircintílí trádála a úsáidtear chun an méid atá sonrach don ionstraim (SSTI) a chinneadh lena gceadaítear oibleagáidí trédhearcachta réamhthrádála a tharscaoileadh.

(2) Faoin gcur chuige céimnithe sin, ní théitear ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile go huathoibríoch. Ceanglaítear ar an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) a mheasúnú bliantúil ar a iomchuí a bheadh sé dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Le measúnú ESMA, ní mór go ndéanfar anailís ar éabhlóid méideanna trádála i gcás na n-ionstraimí airgeadais lena mbaineann faoin gcéim reatha agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile ar an leachtacht atá ar fáil agus ar rannpháirtithe margaidh araon a thuar. Más iomchuí, ceanglaítear ar ESMA caighdeán rialála athbhreithnithe a chur isteach lena gcoigeartaítear an tairseach chuig an gcéad chéim eile, mar aon lena thuarascáil.

[5] IO L 173, 12.6.2014, lch. 84.

[6] Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála maidir le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith bannaí, táirgí airgeadais struchtúraithe, lamháltais astaíochtaí agus díorthach (IO L 87, 31.3.2017, lgh. 229–349).

(3) Chuir ESMA a mheasúnú agus a chaighdeáin rialála athbhreithnithe faoi bhráid an Choimisiúin an 22 Iúil 2021. Tháinig ESMA ar an gconclúid gur measadh gur bannaí leachtacha iad idir 1,57 % agus 2,58 % de na bannaí arna dtrádáil idir an chéad agus an ceathrú ráithe de 2020, de réir na gcritéar a bhfuil feidhm leo i gcéim S2. Bheadh méadú thart ar 40 % i gceist le dul ar aghaidh chuig céim S3.

(4) Maidir leis an SSTI, tháinig ESMA ar an gconclúid go ndéanfaidh aistriú ó chéim S2 go S3 difear den chuid is mó do thrádáil bannaí ceannasacha agus bannaí poiblí eile, ós rud é gurb é an méadú is mó a bheidh ann i gcás na n-ionstraimí sin. Is iondúil a dhéantar na hionstraimí sin a thrádáil, áfach, sa raon idir EUR 3 mhilliún agus EUR 6 mhilliún. Measann ESMA, dá bhrí sin, go gcoimeádfadh aistriú chuig céim S3 an SSTI réamhthrádála íseal go leor chun soláthraithe leachtachta a chosaint ar an tionchar ar an margadh a eascraíonn as orduithe móra, agus ag an am céanna á áirithiú go mbeadh níos mó bannaí leachtacha faoi réir trédhearcacht réamhthrádála.

(5) Agus an measúnú a rinne ESMA, an leibhéal teoranta trédhearcachta sna margaí bannaí, na héifeachtaí teoranta ar iomaíocht sa mhargadh agus go mbeadh an tairseach fós íseal go leor chun soláthraithe leachtachta a chosaint ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag orduithe móra ar an margadh á gcur san áireamh, is iomchuí dul ar aghaidh chuig céim S3 maidir le bannaí a bhfuil margadh leachtach ann ina leith agus maidir leis an SSTI i gcás bannaí. Leis an aistriú chuig céim S3, ba cheart go méadófaí an leibhéal trédhearcachta atá ar fáil sa mhargadh bannaí gan aon tionchar diúltach a bheith ar leachtacht.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 a leasú dá réir sin,

(7) Is ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag ESMA atá an Rialachán seo bunaithe.

(8) Tá comhairliúcháin phoiblí oscailte déanta ag ESMA maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, tá anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583**

Leasaítear Airteagal 17 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Chun na bannaí nach bhfuil margadh leachtach ann ina leith a chinneadh chun críocha Airteagal 6 agus de réir na modheolaíochta a shonraítear in Airteagal 13(1), pointe (b), glacfar leis an gcur chuige i leith an chritéir leachtachta 'meánlíon laethúil na dtrádálacha' agus 'meánlíon laethúil na dtrádálacha' a chomhfhreagraíonn do chéim S3 (seacht dtrádáil laethúla) á chur i bhfeidhm.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

---

7 Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

‘3. Chun an méid atá sonrach don ionstraim airgeadais a chinneadh chun críocha Airteagal 5 agus de réir na modheolaíochta a shonraítear faoi Airteagal 13(2), pointe (b)(i), úsáidfear an cur chuige maidir leis an bpeircintíl trádála a chuirfear i bhfeidhm agus an pheircintíl trádála a chomhfhreagraíonn do chéim S3 (an 50ú peircintíl) á cur i bhfeidhm.

Chun an méid atá sonrach don ionstraim airgeadais a chinneadh chun críocha Airteagal 5 agus de réir na modheolaíochta a shonraítear faoi Airteagal 13(2), pointí (b)(ii) go (iv), úsáidfear an cur chuige maidir leis an bpeircintíl trádála a chuirfear i bhfeidhm agus an pheircintíl trádála a chomhfhreagraíonn do chéim S1 (an 30ú peircintíl) á cur i bhfeidhm.’.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12.1.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*